Scéalta Polaitíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi scéalta polaitíochta an lae.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1) news reports _____
2) able for his job as Health Minister _____
3) he has full confidence _____
4) backbenchers _____
5) cabinet _____
6) attempts failed to urge _____
7) what happened during the meeting _____
8) negotiations _____
9) hostility _____
10) benefit / good / interest _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

(b) Cé hé an tAire Oideachais agus cé hé an tAire Sláinte?

Ceist 2 Scríobh achoimre ghairid ar an dá scéal a bhí sa mhír:

(a) Ráflaí faoin Aire Oideachais
(b) An Buiséad

Ceist 3 '..is boichte…'

(a) Bain úsáid as an sampla thuas agus an dá aidiacht seo chun na rialacha a bhaineann leis na céimeanna comparáide a chur in iúl:

bocht tábhachtach suimiúil

(b) Cad is féidir leat a rá faoi 'is mó' agus 'ba mhó'?

Ceist 4 '…*polaitíocht na bPáirtithe*…'

Líon na bearnaí leis an fhoirm cheart de na focail. Is iad na focail chéanna iad a bhí agaibh an tseachtain seo caite, ach tá ort iad a chur sa tuiseal ginideach, iolra anois.

Focal	**Uimhir Iolra**	**Lagiolra**	**Tréaniolra**	**Tuiseal Ginideach, Iolra**
Fadhb				
Ball				
Bileog				
Fear				
Gluaisteán				
Cruinniú				
Foghlaimeoir				
Iarratas				
Leabharlann				
Feidhm				

Ceist 5 '…***tuairiscíodh…***'

(a) Cén chuid den ghramadach é an sampla thuas?
(b) Féach ar na briathra sa bhosca seo a bhí le cloisteáil sa mhír. Líon na bearnaí leis an fhoirm cheart den bhriathar saor:

An Briathar	**Aimsir chaite, briathar saor**	**Aimsir láithreach, briathar saor**	**Aimsir fháistineach, briathar saor**
Diúltaigh			
Tuairiscigh	Tuairiscíodh		
Léirigh			
Abair	Dúradh		
Dírigh			
Bunaigh			Bunófar

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An bhfuil aon suim agat i gcúrsaí polaitíochta? Cén fáth?
- An mbíonn ár bpolaiteoirí ag obair ar son na tíre nó ar a son féin, dar leat?
- An gcuirfidh torthaí an bhuiséid isteach ar do shaol féin? Conas?

Freagraí

Ceist 1

1) news reports	*tuairiscí nuachta*
2) able for his job as Health Minister	*in ann ag a phost ina Aire Sláinte*
3) he has full confidence	*tá lán-mhuinín aige*
4) backbenchers	*cúlbhinseoirí*
5) cabinet	*comh-aireacht*
6) attempts failed to urge	*theip ar iarrachtaí tathant ar*
7) what happened during the meeting	*faoin méid a thit amach le linn an chruinnithe*
8) negotiations	*idirbheartaíocht*
9) hostility	*naimhdeas*
10) benefit / good / interest	*leas*

Ceist 2

Cuir an mhír ar siúl arís dóibh uair nó dhó agus iarr orthu achoimre ghairid a scríobh faoin dá thopaic.

Ceist 3 (a)

Bocht – níos boichte – is boichte: caolaítear an aidiacht agus cuirtear ‘e’ léi, mar shampla, níos saoire, is leithne.
Tábhachtach – níos tábhachtaí – is tábhachtaí: athraíonn –ach go dtí –aí, mar shampla, is leadránaí, níos riachtanaí.
Suimiúil – níos suimiúla – is suimiúla: athraíonn –úil go dtí –úla, mar shampla, is cairdiúla, níos leisciúla.

Ceist 3 (b)

Athraíonn ***is*** go dtí ***ba*** san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach agus cuirtear séimhiú ar an aidiacht, mar shampla, ba bhoichte, ba shuimiúla, ba thábhachtaí.
Athraíonn ***níos*** go dtí ***ní ba*** san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach agus cuirtear séimhiú ar an aidiacht, mar shampla, ní ba bhoichte, ní ba shuimiúla, ní ba thábhachtaí.

Ceist 4

Focal	**Uimhir Iolra**	**Lagiolra**	**Tréaniolra**	**Tuiseal Ginideach Iolra**
Fadhb	Fadhbanna		√	…na bhfadhbanna
Ball	Baill	√		…na mball
Bileog	Bileoga	√		…na mbileog
Fear	Fir	√		…na bhfear
Gluaisteán	Gluaisteáin	√		…na ngluaisteán
Cruinniú	Cruinnithe		√	…na gcruinnithe
Foghlaimeoir	Foghlaimeoirí		√	…na bhfoghlaimeoirí
Iarratas	Iarratais	√		…na n-iarratas
Leabharlann	Leabharlanna	√		…na leabharlann
Feidhm	Feidhmeanna		√	…na bhfeidhmeanna

Ceist 5
(a) An briathar saor

(b)

An Briathar	**Aimsir chaite, briathar saor**	**Aimsir láithreach, briathar saor**	**Aimsir fháistineach, briathar saor**
Diúltaigh	Diúltaíodh	Diúltaítear	Diúltófar
Tuairiscigh	Tuairiscíodh	Tuairiscítear	Tuairisceofar
Léirigh	Léiríodh	Léirítear	Léireofar
Abair	Dúradh	Deirtear	Déarfar
Dírigh	Díríodh	Dírítear	Díreofar
Bunaigh	Bunaíodh	Bunaítear	Bunófar

Ceist 6
Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Dhiúltaigh an tAire Oideachais Ruairí Quinn aon ní a rá faoi thuairiscí nuachta a deir gur thug sé le fios ag cruinniú Páirtí Parlaiminte an Lucht Oibre an tseachtain seo caite nach bhfuil an Dochtúir James Reilly in ann ag a phost ina Aire Sláinte. Dúirt an tAire Quinn le tuairisceoirí ar maidin go bhfuil lán-mhuinín aige san Aire James Reilly.

Sorcha Ní Riada
Tuairiscíodh sna nuachtáin ar maidin gur léirigh Teachtaí Dála de chuid an Lucht Oibre míshástacht le James Reilly mar Aire Sláinte le linn cruinniú Páirtí Parlaiminte[i] an tseachtain seo caite. Tuairiscíodh gurbh iad cúlbhinseoirí ba mhó a bhí ag gearán ach dúradh gur thug an tAire Oideachais Ruairí Quinn le tuiscint do na cúlbhinseoirí céanna go raibh daoine sa chomh-aireacht ar comhintinn leo maidir le hábaltacht an Aire[ii] Reilly. Theip ar iarrachtaí tathant ar chúlbhinseoirí cosúil le Aodhán Ó Ríordáin teacht amach chun píosa cainte a dhéanamh linn mar gheall ar an méid a thit amach le linn chruinniú an Pháirtí Parlaiminte an tseachtain seo caite. Agus, ag preasócáid ar maidin dhiúltaigh an tAire Oideachais Ruairí Quinn aon rud a rá faoin méid a thit amach le linn an chruinnithe úd ach an oiread. Dúirt sé áfach go bhfuil lán-mhuinín aige san Aire Sláinte James Reilly, duine a dúirt sé atá ag tabhairt faoi phost ana-dheacair. Maidir leis an mbuiséad dúirt sé go raibh an idirbheartaíocht deacair ach nach raibh aon naimhdeas pearsanta i gceist ann. Ach, tá Fianna Fáil agus Sinn Féin tar éis buairt a léiriú faoin méid atá cloiste acu faoin mbuiséad go dtí seo. Dúirt Sinn Féin go bhfuil an chuma air go bhfuil an rialtas ag díriú ar na daoine is boichte sa tsochaí[iii] in athuair.

Mary Lou McDonald
Bhuel tá muid ag iarraidh go mbeidh an buiséad féaráilte agus cothrom do chách agus gan *gimmicks*.

Sorcha Ní Riada
Agus dúirt urlabhraí ó Fhianna Fáil go bhfuil iad sin buartha go mbunófar an buiséad[iv] ar pholaitíocht na bPáirtithe i gcomhrialtas in áit é a bheith bunaithe ar an leas is fearr a bhaint amach don náisiún. Beidh le feiceáil ar an gCéadaoin. Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[i] *le linn chruinniú Pháirtí Parlaiminte* a deirtear
[ii] *an tAire* a deirtear
[iii] *sa sochaí* a deirtear
[iv] *an bhuiséad* a deirtear